

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloideas Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T41
Ainm an Agalláí	Gene Eoghain Ó Curraighín
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	20/07/2006
Suíomh an Agallaimh	Teileann
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

_____'

Focal dothuigthe

_____+'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an trasscríbhneoir

DÓNALL: Tá muid ag gabháil a thoiseacht le, creidim go dtosóidh muid le lucht siúil a Gene, inniu agus an cineál saoil a chaith siad agus mar a rachadh siad isteach in áiteanna agus bhí siad mór go leor le daoine agus fuair siad ar aghaidh i gceart in áiteanna a Gene, *so* ...

GENE: Á, bhuel, mo chuimhne féin, bhí mórán de lucht siúil a thagadh thart agus á, na créatúirí bochta, ní raibh mórán acu, daoine simplí a bhí iontu a, thagadh siad thart, cuid acu, thioctadh siad thart uair amháin sa bhliain agus bhí dream eile, thioctadh siad thart b'fhéidir, trí nó cheathair uaireanta sa bhliain bheadh siad díol na rudaí beaga a bheadh leofa. Cuid acu ag díol snáthaidí agus cíoranna, scábla agus leithéidí sin.

DÓNALL: Sea.

GENE: Le bascaeid.

DÓNALL: Cíoranna míne.

GENE: Sea. Agus rud eile fosta, bhí siad, bhíodh siad ag cruinniú gráineacha beaga

tae agus pingneacha, siúcra agus rud fá, éadaigh fá choinne páistí agus a leithéidí sin. Agus leoga, go an-mhínic, na créatúirí, má, thioctadh siad isteach i dtithe agus bhí an bochtaineacht sna tithe a raibh siad ag gabháil isteach ann fosta agus go an-mhínic, b'fhéidir go dtabharfadh siad cuid den rud a bhí leofa a roinnt leis an bhunadh a bhí siad ag gabháil a fhad leofa cosúil le gráineacha tae, go speisialta in aimsir an chogaidh nuair a bhí an tae gann. Ach bhí dream eile ansin, lucht ceird, dhíoladh siad, achan chineál, *gléasúirí, pandaináí*, fá choinne *gléasúirí* '_____` tige, thioctadh an uile mhéid *pandáí, pandaí* charta, *pandáí* leath ghalún. Is cuimhin liom *buicéadaí* a dhéanamh, soithigh stáin a bhí iontu agus bhí, ceird speisialta a bhí ann. Anois, sin dream daoine amháin a bhí an-mhaith ag gabháil don obair sin, na Dochartaigh. Ach, ní den lucht siúil ba ghnách na Dochartaigh, bhí siad i dtuaisceart na contae agus daoine iad a raibh maoin mhaith ach dhíbir na tiarnaí talún amach as a gcuid tithe agus a gcuid talaimh iad agus ní raibh a dhath acu le déanamh ach a ghabháil ar an bhealach mór, rud a tharla de mhórán den lucht siúil, daoine iad a díbríodh as a gcuid tithe. Agus chuirte fáilte leofa nuair, san am sin, ní raibh raidió nó ní raibh *television* ag gabháil nó rudaí mar atá anois agus nuair a thioctadh fear siúil nó bean siúil agus d'fhanadh siad i dteach, bhuel bheadh cineál d'airneáil ann. Chruinneodh na comharsana thart go bhfaigheadh siad an nuacht a bhí ag gabháil más dúirt an seanfhocal fad ó shin, "an t-é atá siúlach, tá sé scéalach" agus bhí cuid acu a raibh amhráin acu agus cuid eile a raibh, thioctadh leofa ceol. Cosúil leis an Dochartaigh, sheinneadh siad an fhidil agus bheadh siad amanna ansin a cheoladh amhráin agus a chumadh amhráin. Ach ansin bhí dream eile daoine ann anois, bhí siad géar go maith ina dteanga. Dá bhfaigheadh siad déirc, bhéarfadh siad buíochas agus beannacht duit. Agus bhí dream eile fosta, bhí, má dtabharfá dada daofa, bhí an-eagla ar dhaoine i gcónaí roimh mallacht, mallacht na dtinléirí

GENE: Fear amháin a, bhuel, mhothaigh mé féin iomrá go minic air, ba shin é Mícheál an Caradán / Ó Corradáin??. Bhí Mícheál ina fhear iomráiteach. Clann de file a bhí ann. Thiocfadh le Mícheál cineál de ramás a dhéanamh suas a fhad agus bhí sé ag teacht isteach an tige. Ghuíodh sé achán chlann beannachta ar bhunadh an tige agus ar fhear an tige, fear an tige agus dá bhfaigheadh sé déirc ansin, bhéarfadh sé buíochas agus cineál de phaidir. Ach san am chéanna dá mbeadh sé gan rud a fháil thiocfadh leis a bheith géar lena theanga. Mar shampla, mhothaigh mé féin ceann de na rannta a bheadh ag Mícheál an Caradán / Ó Corradáin, nuair a thagadh Mícheál isteach i dteach, thosódh sé cineál mar seo.

“Go mbeannaithe an Rí agus mise anseo, Colmcille, Eoin Baiste, Caol agus Cónall, faol nó daol, nó iarlaíochtaí síogh nach dtuigfidh a bhunadh an tige seo.

Is liomsa na trí grásta is fearr a chualathas baile nó áit ariamh.

Na grásta gaotha, na grásta paidreacha agus na grásta beannachta.

Le bhur dtubaistí go léir a chur ar bhord na mbocht,

Ar an leac / leic sin a Dhonnchadh, ag tobar Bhríde an áit a mbíonn an crann críona ar maidin agus úr ghlas tráthnóna. Ag tígh Philip Uí Floinn, ag tige ‘_____’ an chabairt cham, ag taobh ‘_____’ ordón, , aníos ó Charraig na Mhullaigh, leis an achainí agus leis an impí. Éirigh suas a fhear an tige agus nach cruthú an Rí do thuighe, nach tug don donas nó don diabhair nó don stiocar an phiarcas uaitse a fhear an tige.
